CLÁR FSS
UM SHLÁINTE GHNÉIS AGUS THOIRCHIS GHÉARCHÉIME

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2015

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Clár na nÁbhar

Réamhrá

Helen Deely, Ceannasaí Chlár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime **2**

Cúlra agus Struchtúr Rialachais an Chláir **4**

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Cuspóir Straitéiseach 1 Feabhsúcháin ar oideachas, faisnéis agus eolas maidir le sláinte ghnéis thar shaolré **7**

Cuspóir Straitéiseach 2 Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna **12**

Cuspóir Straitéiseach 3 Seirbhísí toircheas géarchéime **15**

Cuspóir Straitéiseach 4 Comhoibríocht straitéiseach agus tionchar beartais **19**

Cuspóir Straitéiseach 5 Aistriú eolais agus taighde **22**

AGUISÍNÍ

Aguisín 1 Baill Ghrúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis **25**

Aguisín 2 Baill an Ghrúpa Oibre Náisiúnta um Chumarsáid Sláinte Ghnéis **25**

Aguisín 3 Baill an Ghrúpa Chomhairligh **26**

Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag Clár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime (SHCPP) cumas agus cáilíocht seirbhísí a fheabhsú, tionchar a imirt ar pholasaí agus ar chleachtas agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun iompraíochtaí agus torthaí a fheabhsú ó thaobh toircheas géarchéime de.

Is í príomhfheidhm an Chláir straitéis a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm d'fhonn líon na dtoircheas géarchéime a laghdú in Éirinn, i gcomhairle le páirtithe leasmhara lena mbaineann. Tá a thríú Straitéis Náisiúnta á seachadadh ag an gClár i láthair na huaire, rud ina bhfuil sainaithint déanta ar bhearta tosaíochta ó thaobh straitéise, beartais, rialtais agus pobail de d'fhonn dul i ngleic le ceist an toirchis géarchéime go ceann tréimhse cúig bliana ó 2012 go dtí 2016.

Tar éis fhoilsiú *na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis, 2015–2020*, cuireadh de chúram ar Chlár FSS um Thoirchis Ghéarchéime i dtreo dheireadh na bliana 2015 comhordú na seirbhísí sláinte ghnéis ar bhonn náisiúnta freisin. Athraíodh ainm an Chláir go Clár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime leis an sainchúram níos leithne sin a léiriú. Tá an Clár ag obair d'fhonn éifeachtúlacht agus tionchar na seirbhísí sláinte ghnéis a fheabhsú agus chun obair choisctheach a fheabhsú sa réimse seo, leis. De réir an chreata 'Éire Shláintiúil' táimid ag cur le cumas agus le hacmhainn chun tacú le beartais agus straitéisí náisiúnta a fheidhmiú i ngach uile sheirbhís sláinte agus cúram sláinte, lenár gcomhpháirtithe seachtracha agus i seirbhísí arna maoiniú.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta do na blianta 2015 agus 2016 lena chinntiú gur cuireadh tús leis an obair gan aon mhoill. Is é seo an chéad chur chuige atá comhordaithe go náisiúnta i leith sláinte ghnéis agus folláine an phobail i gcoitinne a fheabhsú.

Tá méid suntasach oibre ar bun i réimse na sláinte gnéis – .i. cur chun cinn na sláinte, seirbhísí ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, seirbhísí pleanála clainne, seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime – sa Chleachtadh Ginearálta, i gcógaslanna, i scoileanna, i gclubanna óige, in eagraíochtaí pobail agus i gcarthanachtaí, i measc eagraíochtaí eile. Is de bharr an tsaineolais atá ag roinnt mhaith daoine agus eagraíochtaí, agus na dianoibre atá curtha isteach acu le himeacht na mblianta, a bhaintear amach an oiread sin sna réimsí seo. Tá foráil déanta sa Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis do chomhordú, chomhtháthú agus fhorbhreathnú straitéiseach na hoibre sin agus tá sé mar aidhm aici naisc níos fearr agus níos láidre a chothú idir eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí stáit agus neamhstáit. Is gá leis an bhforbairt seo tá fáilte mhór curtha roimpi.

Is cuid an-tábhachtach dár gcuid oibre é an cur chuige comhoibritheach agus leanfaimid de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú agus a fhorbairt idir seirbhísí gaolmhara laistigh de na struchtúir atá ann cheana féin in FSS agus le comhpháirtithe i ngníomhaireachtaí seachtracha. Chun gníomhartha ár Straitéise

Náisiúnta a chur i bhfeidhm, teastaíonn fócas comhaontaithe ar fhorbairt seirbhísí, chumarsáid, chomhpháirtíocht, thaighde agus mheasúnú, agus táimid ag tnúth go mór le leanúint de bheith ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe uile ar gach ceann de na réimsí seo.

Thug an Clár plean gnó tábhachtach chun críche in 2015 agus tá leagtha amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le gach ceann de chúig chuspóir straitéiseacha an Chláir.

Thug foireann for-rochtana B4udecide.ie tionscnamh oideachais píolótach ealaín sráide isteach i dtrí shuíomh Ógtheagmhála. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoin tionscnamh seo ó na daoine óga agus ó na comhordaitheoirí a bhí páirteach ann. Tugadh 62,746 cuairt ar láithreán gréasáin B4uDecide.ie in 2015.

D'oibrigh an Feidhmeannas Taighde agus Beartais as lámha a chéile le comhpháirtithe taighde d'fhonn bonn eolais a chur faoi chleachtas agus faoi sholáthar seirbhíse i réimse an toirchis géarchéime agus na sláinte gnéis. Bhí i gceist leis an gclár taighde um Measúnú ar Riachtanais Sláinte Ghnéis agus Oideachais Ghnéasaigh Daoine Óga faoi Chúram in Éirinn (SENYPIC) a thabhairt chun críche ná sé thuarascáil neamhspleácha a ullmhú agus a chomhordú roimh a bhfoilsiú. Leanadh ar aghaidh freisin leis an obair ar thaighde a bhreathnaíonn ar na tosca a choisceann nó a chumasaíonn cumarsáid aoisoiriúnach faoi chaidrimh, faoi ghnéasacht agus faoi fhás aníos, idir tuismitheoirí agus leanaí óga atá idir 4 9 mbliana d'aois. Bainfear úsáid as torthaí an tionscadail le tacú le tuismitheoirí oideachas caidrimh agus gnéasachta a sholáthar sa bhaile. Ina theannta sin thug an Clár tacaíocht don Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte, don tSeirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha agus don Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha an suirbhé idirlín is mó dá raibh ann riamh a eagrú ar shláinte ghnéis fear aerach a mbíonn gnéas acu le fir eile in Éirinn agus ar na riachtanais atá acu ó thaobh VEID a chosc (MISI 2015).

Thacaigh an Feidhmeannas Maoinithe le soláthar comhairleoireachta pearsanta toircheas géarchéime agus seirbhísí iarghinmhillte i mbreis is 50 suíomh ar fud na tíre. Ar cheann de phríomhfhócais na hoibre seo in 2015 bhí 'an Creat Cáilíochta Féinmheasúnaithe' a chur i bhfeidhm i ngach seirbhís chomhairleoireachta toircheas géarchéime.

Fáiltíonn an Clár roimh an laghdú breise atá tagtha ar líon iomlán na mbreitheanna do dhéagóirí, ó 3,087 in 2001 go 1,187 in 2015, rud is ionann agus laghdú 62% le himeacht 14 bliana. Tá laghdú tagtha ar an ráta beireatais déagóirí in Éirinn, ó 20 an 1,000 bean in aois 15-19 in 2001 go 8.7 an 1,000 ban in 2015. Tháinig laghdú beag ar líon na mban a thug seoladh in Éirinn ag clinicí ginmhillte sa RA ó 3,735 in 2014 go 3,451 in 2015. Tá an ráta ginmhillte socair áfach, ag 3.6 an 1,000 bean san aoisraon 15-44. Ó bunaíodh an Clár in 2001 tháinig laghdú mór ar an líon agus an ráta ban a thug seoladh in Éirinn ag clinicí ginmhillte sa Ríocht Aontaithe ó 6,673 in 2001 (7.5 an 1,000) go 3,451 in 2015 (3.6 an 1,000).

Is mian liom buíochas a ghabháil le Grúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis, leis an nGrúpa Oibre um Chumarsáid Sláinte Ghnéis, agus le Grúpa Comhairleach an Chláir as an tacaíocht agus as an treoir iontach tábhachtach a thug siad i leith shaothar an Chláir in 2015.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann an Chláir as plean seirbhíse uaillmhianach a sheachadadh in 2015 agus as a gcuid dianoibre agus a dtiomantas don Chlár.

Helen Deely

Helen Deely

Ceannasaí Chlár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime

Cúlra agus Struchtúr Rialachais an Chláir

Bunaíodh an Clár um Thoirchis Ghéarchéime (an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime roimhe sin) i nDeireadh Fómhair 2001 faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961, agus bhí sé á rialú faoin nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) Ordú, 2001 (I.R. Uimh. 446 de 2001), arna leasú ag an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) Ordú, 2001 (leasú) Ordú, 2007 (I.R. Uimh. 175 de 2007). In Eanáir 2010 athraíodh an iarghníomhaireacht go dtí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, lena bhforáiltear, inter alia, go ndílsítear go dleathach don FSS roinnt feidhmeanna tábhachtacha a dílsíodh roimhe sin don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Is clár náisiúnta é an Clár um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime (SHCPP), is cuid d'oifig náisiúnta FSS um Chur Chun Cinn agus Feabhsú na Sláinte, ar cuireadh de chúram air straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le ceist an toirchis géarchéime in Éirinn. Folaíonn sé freisin comhordú na seirbhísí sláinte ghnéis chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na seirbhísí sin agus na hoibre coiscthí, de réir na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis, 2015–2020.

Tugann Ceannasaí an Chláir tuairiscí don Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta in Aonad Sláinte agus Folláine FSS agus is ball é den fhoireann ardbhainistíochta um Chur Chun Cinn agus Feabhsú na Sláinte.

An Fhoireann

Bhí ochtar ball foirne ag an gClár in 2015:

Helen Deely	Ceannasaí an Chláir
An Dr. Fiona Lyons	Ceannaire Cliniciúil sa tSláinte Ghnéis
Janice Donlon	Oifigeach Maoinithe
Patricia Wallace	Oifigeach Airgeadais agus Acmhainní Daonna
Maeve O'Brien	Oifigeach Taighde agus Beartais (ar saoire mháithreachais ó mhí na Bealtaine 2015 go dtí mí an Mhárta 2016)
Orla McGowan	Oifigeach Oideachais agus Faisnéise
Róisín Guiry	Oifigeach Oideachais agus Faisnéise
Ray Madden	Oifigeach Cléireachais

Ceapadh Ceannaire Chliniciúil sa tSláinte Ghnéis

Cheap Aonad Sláinte agus Folláine FSS an chéad Cheannasaí Cliniciúil náisiúnta don tSláinte Ghnéis i mí Dheireadh Fómhair 2015. Tá an Ceannasaí Cliniciúil don tSláinte Ghnéis freagrach as seirbhísí sláinte caighdeánaithe, éifeachtacha a chinntiú de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis. Oibreoidh an Ceannasaí Cliniciúil ar bhonn tras-rannach laistigh de FSS agus le comhpháirtithe seachtracha de réir mar is gá le cleachtadh agus seachadadh seirbhísí sláinte ghnéis a fheabhsú. Tabharfar tacaíocht do sheirbhísí sláinte ghnéis ionas go bhforbróidh siad ar bhealach cothromasach, comhtháite,

a fheabhsaíonn rochtain orthu agus atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Is mór ag an gClár gur ceapadh an Dr. Fiona Lyons sa phost tábhachtach seo.

Cur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis

Chuir an Clár grúpa feidhmithe ar bun le tacú le feidhmiú na mbeart a bhfuil sainaithint déanta orthu sa Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis, 2015–2020. Déantar ionadaíocht d'úsáideoirí seirbhíse agus do sholáthraithe seirbhíse neamhreachtúla ar an ngrúpa seo, chomh maith le heagraíochtaí reachtúla agus gairmithe cúram sláinte (féach Aguisín 1).

Cuireann an grúpa feidhmithe, a thagann le chéile gach re mí, comhairle agus treoir straitéiseach ar fáil d'fhonn tacú le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis. Oibríonn an grúpa seo as lámha a chéile leis an gClár le plean gníomhaíochta bliantúil a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air, i dtreo cuspóirí, bearta agus spriocanna na straitéise a bhaint amach.

An Grúpa Oibre Náisiúnta um Chumarsáid Sláinte Ghnéis

Cuireadh grúpa oibre náisiúnta um chumarsáid sláinte ghnéis ar bun le gníomhaíochtaí cumarsáid sláinte ghnéis a chomhordú idir FSS agus eagraíochtaí neamhreachtúla lena chinntiú go n-úsáidtear comhacmhainní ar an mbealach is éifeachtúla. I measc na mball éagsúla den ghrúpa tá eagraíochtaí atá i mbun obair cumarsáid sláinte ghnéis laistigh dá n-eagraíocht féin nó i gcomhar le heagraíochtaí eile (féach Aguisín 2).

I measc phríomhbhearta an ghrúpa, a thagann le chéile gach re mí, tá plean cumarsáide bliantúil sláinte ghnéis a fhorbairt agus a fheidhmiú de réir na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis, agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil i dtaca le gníomhaíochtaí pleanáilte cumarsáide. Is meán é an grúpa freisin trínar féidir freagairt ar ráigeanna ionfhabhtú gnéas-tarchurtha, ó thaobh cumarsáide de, mar a éilíonn Aonad Sláinte Poiblí FSS, lena n-áirítear teachtaireachtaí agus eolas a chomhroinnt le comhpháirtithe eile nach bhfuil sa ghrúpa oibre.

Líonra na nOifigeach um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéis

Oibríonn oifigigh FSS um chur chun cinn na sláinte gnéis i gcomhar lena chéile le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le cur chun cinn na sláinte, le hoideachas sláinte agus le faisnéis sláinte i réimse na sláinte gnéis de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis. Tá i gceist lena gcuid oibre tionscnaimh oideachasúla agus faisnéis a bhaineann leis an tsláinte ghnéis a chur chun cinn i gcomhpháirt le soláthraithe seirbhíse agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Eagraíodh ceithre chruinniú den líonra in 2015. Tá tuilleadh eolais faoina gcuid oibre tugtha faoi Chuspóir Straitéiseach 4.

An Grúpa Comhairleach

I measc bhaill Ghrúpa Comhairleach an Chláir (féach Aguisín 3) tá eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí daonáirimh ar leith, mar aon le heagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn sna réimsí sláinte ghnéis agus toircheas

géarchéime. Chuir an Clár leis an nGrúpa Comhairleach in 2015 le go mbeadh sa ghrúpa ionadaithe d'eagraíochtaí neamhreachtúla a bhfuil réimse leathan tuairimí agus saineolais acu ar an tsláinte ghnéis.

Tugann an Grúpa Comhairleach, a thagann le chéile gach re mí, aiseolas ar aon ábhair a bhaineann le sláinte ghnéis nó toircheas géarchéime a chuireann an Clár nó Grúpa Feidhmithe na Straitéise Sláinte Ghnéis ar aghaidh chuige.

Sainorduithe ó thaobh toircheas géarchéime de

Is í an Straitéis Náisiúnta an mheicníocht trína mbaineann an Clár amach a chuid cuspóirí mar atá siad leagtha síos sna trí shainordú a sonraíodh san ionstraim reachtúil. Seo a leanas na trí shainordú:

1: Laghdú ar an líon toirchis ghéarchéime trí oideachas, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a sholáthar.

2: Laghdú ar an líon ban i dtoirchis ghéarchéime a lorgaíonn ginmhilleadh trí sheirbhísí agus tacaíochtaí a thairiscint a mheallann iad le roghanna níos fearr a dhéanamh.

3: Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí leighis a sholáthar, chomh maith le seirbhísí sláinte eile chun tacaíocht a thabhairt tar éis toircheas géarchéime, de réir mar a mheasfaidh an Clár is iomchuí.

Cuspóirí straitéiseacha ó thaobh toircheas géarchéime de

Díríonn an Clár a chuid oibre ar chúig phríomhchuspóir, atá leagtha síos ina Straitéis Náisiúnta 2012–2016:

1 *Feabhsúcháin ar oideachas sláinte ghnéis, faisnéis agus eolas maidir le sláinte thar shaolré:* Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéis agus caidrimh a fheabhsú trí fheachtais chumarsáide dhírithe, faisnéis oiriúnaithe agus cláir oideachais a sholáthar chomh maith le tionscnaimh eile thar raon suíomhanna.

2 *Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna:* A chinntiú go bhfuil leibhéal ard feasachta ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna chun úsáid leanúnach agus cheart na frithghiniúna a mhéadú i ngach grúpa riosca.

3 *Seirbhísí toircheas géarchéime:* Rochtain leanúnach ar chomhairleoireacht toircheas géarchéime d'ardcháilíocht a fheabhsú, chomh maith le seirbhísí iarghinmhillte agus fáil ar thacaíochtaí pobalbhunaithe iarbhreithe agus teaghlaigh.

4 *Comhoibríocht straitéiseach agus tionchar polasaí:* Forbairt ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú chun rannpháirtíocht, acmhainní agus comhthiomantas maidir le sláinte ghnéis in Éirinn a mhéadú agus toirchis ghéarchéime a laghdú.

5 *Aistriú eolais agus taighde:* Bonn taighde ardchaighdeáin a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus an taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach um aistriú faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartas agus i gcleachtas.

Cuspóir Straitéiseach 1

Feabhsúcháin ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar eolas maidir le sláinte ghnéis le himeacht na saolré: Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéis agus caidrimh a fheabhsú trí fheachtais chumarsáide dhírithe, faisnéis oiriúnaithe agus cláir oideachais a sholáthar chomh maith le tionscnaimh eile thar raon suíomhanna.

Ar na príomhghníomhartha in 2015 bhí:

Ábhair acmhainne B4uDecide.ie

Tá aitheanta ag múinteoirí go bhfuil easpa acmhainní ar cheann de na bacainní atá i mbealach chur i bhfeidhm iomlán an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). In 2015 scaipeadh thart ar 1,000 pacáiste, ina raibh pleananna ceachta, póstaeir agus míreanna promóisin, ar mhúinteoirí agus ar oibrithe óige trí oiliúint agus HealthPromotion.ie. Scaipeadh 2,034 mír phromóisin sa bhreis (greamáin agus póstaeir) trí imeachtaí for-rochtana agus HealthPromotion.ie.

D'fhreastail foireann for-rochtana B4uDecide.ie ar 16 imeacht in 2015 leis na hábhair oideachais agus an láithreán gréasáin a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí sin bhí comhdhálacha múinteoirí, imeachtaí a bhí dírithe ar Nuálaithe Sóisialta Óga agus imeachtaí agus comhdhálacha eile a bhain le cúrsaí óige agus a bhí dírithe ar oibrithe óige agus ar altraí.

Thug foireann for-rochtana B4udecide.ie tionscnamh oideachais píolótach ealaín sráide isteach i dtrí shuíomh in 2015: Foróige Thamhlachta agus Bhaile Bhlainséir, Ógtheagmháil Chill Airne agus Ógtheagmháil Leitir Fraic agus Leitir Mór. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar fad ó na daoine óga agus ó na comhordaitheoirí araon.

Ar láithreán gréasáin B4uDecide.ie tá agallaimh físe le daoine óga a labhraíonn faoina gcuid taithí féin, fíorscéalta ó thuismitheoirí sna déaga, tráth na gceist, pobalbhreitheanna, íoslódálacha, chomh maith le faisnéis faoi chairdis shláintiúla a chothú, faoi phiarbhrú, faoina bheith go maith ionat féin, faoi na cúiseanna ar fearr fanacht sula mbíonn caidreamh gnéis agat, faoin aois toilithe, faoi fhrithghiniúint, faoi ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus faoi thoirchis ghéarchéime. Tá an suíomh gréasáin nasctha leis na hábhair acmhainne do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige.



B4uDecide.ie – Suíomh gréasáin do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige

Tugadh 62,746 cuairt ar láithreán gréasáin B4uDecide.ie in 2015.

Acmhainn TRUST

Acmhainn is ea TRUST (*Talking Relationships Understanding Sexuality Teaching*) atá dírithe ar shraith shinsearach an OCG agus ar fhorbair an Clár í i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Scaipeadh thart ar 80 cóip de TRUST trí oiliúint shraith shinsearach an OCG do mhúinteoirí, arna seachadadh ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, agus trí Chomhairle na nÓg chuig eagraíochtaí óige.

Grafaic faisnéise sláinte gnéasaí agus atáirgthe

Chuir an Clár maoiniú ar fáil don Chumann Pleanála Teaghlaigh (IFPA) agus do VEID Éireann (ar ar tugadh Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath roimhe seo) chun grafaic faisnéise ar oideachas gnéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a thabharfadh faisnéis shoiléir do dhaoine óga faoin mbaol atá ann ionfhabhtú gnéas-tarchurtha a phiocadh suas ag an am céanna le toircheas géarchéime. Tugann an ghrafaic faisnéise treoracha, ar furasta iad a leanúint, maidir leis na roghanna atá ag duine óg má theipeann ar a rogha frithghiniúna agus/nó a chleachtais shábháilte ghnéis. Leagann sé amach bealaí soiléire i bhformáid inrochtana chun frithghiniúint éigeandála a fháil, chomh maith le roghanna fadtéarmacha frithghiniúna i bpáirt le tástáil le haghaidh ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Úsáideadh an ghrafaic faisnéise seo ar bhonn píolótach le linn na Seachtaine um Chomhairle agus Threoir Sláinte Ghnéis (SHAG) in 2015 agus úsáideadh mar thaca é do chláir oideachas gnéasachta agus sláinte atáirgthe a ritheann an Cumann Pleanála Teaghlaigh, VEID Éireann agus eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón gClár.

Nuálaithe Sóisialta Óga

Tugann Clár na Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI) de chumhacht do dhaoine óga a gcuid buanna féin a úsáid le bheith ina nuálaithe sóisialta chun sochaí níos córa, níos comhbháiche, níos cothroime a bhaint amach. Comhpháirtí oideachais le YSI is ea an Clár, a dhéanann urraíocht ar an dúshlán 'Caidreamh agus Sláinte Ghnéis'.

Bhuaigh daltaí de chuid Choláiste na Leargadh, Cluain Eois, Co. Mhuineacháin an gradam óir dá dtionscadal iontach 'LGBT – Let's get by together' in 2015. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal dul i ngleic le leithcheal in aghaidh an phobail LGBT, lena n-áirítear an homafóibe agus an trasfóibe, agus timpeallacht shlán, shábháilte a chruthú i gColáiste na Leargadh ar mhaithe le daltaí agus baill foirne LGBT.

Ina theannta sin scaip YSI pacáistí acmhainne agus faisnéise de chuid an Chláir ar 200 múinteoir/ceannaire óige a bhí ag freastal ar oiliúint inseirbhíse YSI i mí Mheán Fómhair agus i mí Eanáir.

Acmhainní do thuismitheoirí

Scaipeadh raon ábhar chun tacú le tuismitheoirí labhairt lena leanaí faoi chaidrimh agus faoi ghnéas trí HealthPromotion.ie, saorsheirbhís téacs an Chláir, agus ag imeachtaí in 2015. I measc na n-acmhainní faisnéise sin bhí:

- 9,113 leabhrán *Parents – Tips for Talking to Older Teenagers*
- 2,825 DVD agus leabhrán*You Can Talk To Me*
- 32,131 DVD agus leabhrán *Busybodies*
- 2,911 DVD agus leabhrán *The Facts.*

Scaipeadh faisnéise

Tá an Clár tar éis ábhair éagsúla faisnéise agus oideachais a fhorbairt maidir leis an tsláinte ghnéis atá ar fáil don phobal i gcoitinne agus dóibh siúd a bhíonn ag plé le cosc agus bainistiú toirchis ghéarchéime ina gcuid oibre. Is é príomh-mhodh cumarsáide agus scaipthe ábhair acmhainne an Chláir ná an suíomh gréasáin HealthPromotion.ie.

In 2015 scaipeadh 253,489 cóip d'ábhair acmhainne an Chláir ar raon spriocghrúpaí ag imeachtaí, comhdhálacha, gníomhaíochtaí curtha na sláinte chun cinn, agus ar HealthPromotion.ie. I measc na n-imeachtaí bhí: Comhdháil Threoirchomhairleoirí na hÉireann, comhdháil Aontas Múinteoirí Éireann, comhdháil Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, Dámhachtainí Mheáin na nÓg, comhdháil Aontas Cógaisíochta na hÉireann, Imeachtaí Obstatraice agus Gínéiceolaíocha, comhdháil náisiúnta Obair d'Ógra Éireann, Seachtain an Imeasctha Shóisialta, agus Comhdháil na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí.

Oiliúint a chur ar na hoiliúnóirí

Bhí raon tionscnaimh oiliúna d'oibrithe óige agus do thuismitheoirí mar gheall ar chaidrimh agus sláinte ghnéis fós á maoiniú ag an gClár in 2015.

- Fuair an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse maoiniú do sheachadadh 'Tuistiú: Tacú le do leanbh cairdis agus caidrimh shláintiúla a chothú: oiliúint do thuismitheoirí; d'fhreastail 1,098 tuismitheoir ar na seisiúin faisnéise agus oiliúna in 2015.
- Fuair an Cumann Pleanála Teaghlaigh maoiniú chun an oiliúint 'Speakeasy' do thuismitheoirí a sheachadadh; rinne 109 tuismitheoir an dianchúrsa oiliúna

ocht seachtaine, a thosaigh i mí na Samhna 2014 agus a chríochnaigh ag deireadh 2015.

- Fuair Comhairle na nÓg maoiniú chun an oiliúint 'Leave it til later' a sheachadadh, a thacaíonn le tionscnamh oideachais B4uDecide.ie de chuid an Chláir. Fuair Comhairle na nÓg maoiniú freisin as seisiúin oiliúna d'oibrithe óga a sheachadadh a thacaíonn leis an athbhreithniú agus leis an bhforbairt ar bheartais sláinte dá n-eagraíochtaí; d'fhreastail 56 oibrí óige ar an oiliúint in 2015.
- Chuir Foróige oiliúint '*REAL U: Relationships explored and life uncovered*'' ar 167 oibrí óige in 2015.

Oiliúint do dhaoine óga

Chuir an Clár maoiniú ar fáil do roinnt tionscnaimh oiliúna atá dírithe ar dhaoine óga in 2015, ina measc:

- Seirbhísí d'Aos Óg Bhaile Bhlainséir, Foróige, leis an Tionscnamh Sláinte do Dhéagóirí a sheachadadh d'fhir óga idir 13 agus 17 mbliana d'aois.
- Ionad Ban Dhún na nGall, Leitir Ceanainn, as clár iomlánaíoch píolótach oideachais ar shláinte ghnéis agus ar fhorbairt phearsanta a sheachadadh do mhná óga a bhfuil an t-eisiamh sóisialta ag baint dóibh.
- Here2Help (*Pact* roimhe sin), as a chlár OCG a sheachadadh i scoileanna i mBaile Átha Cliath, sa Chabhán agus i gCill Mhantáin.
- Is éard atá in 'Real Deal' ná clár oiliúna piarthreoraithe san oideachas gnéis do luathfhágálaithe scoile nó dóibhsan a bhfuil baol ann go bhfágfaidh siad an scoil go luath i gCúige Laighean agus i Maigh Eo.
- Ionad Sláinte Ghnéis, Corcaigh, do thionscnamh gluaiseacht pobail a bhaineann le hoideachas faoi chaidrimh agus sláinte ghnéis do dhaoine óga i suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta oideachais.
- Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt, Ciarraí, chun 'Getting Real' a sheachadadh, ar clár forbartha pearsanta é d'ógánaigh atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath nó ar luathfhágálaithe scoile iad.

Caiféanna sláinte óige

Lean an Clár de mhaoiniú a chur ar fáil le tacú le trí chaifé sláinte óige in 2015:

- Zone Youth Health Café, Baile Bhlainséir
- Exit Youth Health Café, Tamhlacht
- Squashy Couch Adolescent Health and Information Project, Port Láirge.

Chomh maith le spás fáilteach a sholáthar do dhaoine óga, dearadh na tionscadail seo chun dul i dteagmháil le déagóirí atá i mbaol toircheas géarchéime agus chun deiseanna a thabhairt dóibh oideachas faoi chaidrimh agus sláinte ghnéis a fháil. Is é sprioc-aoisghrúpa na gcaiféanna seo ná 14–19 mbliana d'aois. D'úsáid breis is 3,500 duine óg na seirbhísí seo go rialta in 2015.

Crisispregnancy.ie

Cuireann Crisispregnancy.ie faisnéis agus taighde ábhartha ar fáil i bhformáid inrochtana do raon gairmithe sláinte, oideachasóirí agus taighdeoirí. Tugadh thart faoi 14,500 cuairt ar an suíomh in 2015.

Caidreamh poiblí agus leis na meáin

D'eisigh an Clár roinnt preaseisiúintí in 2015 maidir le soláthar seirbhísí, for-rochtain oideachais, oideachas caidrimh agus gnéasachta agus staitisticí tábhachtacha, agus d'fhreagair ceisteanna rialta na meán i gcomhpháirt le preasoifig FSS. Chuir an Clár ailt isteach go rialta i bhfoilseacháin a bhaineann le cúrsaí sláinte, amhail iris FSS *Health Matters.*

R-nuachtlitir agus *Sexual Health News*

Is í an aidhm atá leis an r-nuachtlitir ná síntiúsóirí a choinneáil suas chun dáta le tuairiscí ábhartha taighde, tionscnaimh sláinte ghnéis, oiliúint agus imeachtaí. D'eisigh an Clár dhá r-nuachtlitir in 2015 sula ndearnadh í a chónascadh leis an iris náisiúnta nua *Sexual Health News*.

Chuir an Clár an chéad *Sexual Health News* (*SHN*) amach i bhfómhar 2015, agus céim eile ab ea é sin i dtreo an tsláinte ghnéis a chur chun cinn agus a chomhroinnt mar chuid thábhachtach dár sláinte ar an iomlán. Cuireann *SHN* ar chumas an Chláir eolas a scaipeadh ar acmhainní nua atá á bhforbairt, ar a bhfuil á sheachadadh ag seirbhísí sláinte ghnéis, ar cá bhfuil na seirbhísí sin, agus ar a bhfuil ag titim amach san earnáil taighde.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

ISSUE 01

SEXUAL HEALTH NEWS

WELCOME TO ISSUE 1, SEPTEMBER 2015

Students of Largy College, Co. Monaghan win National Young Social Innovators Gold Award 2015 for their project "LGBT - Let's Get By Together" Please see page 6

INSIDE THIS ISSUE

- Strategic approach to sexual health promotion
- Foundation Programme in Sexual Health Promotion – A capacity building model
- National condom distribution service
- Minister Varadkar promotes safer sex message
- ellaOne now accessible direct from pharmacies
- Sexualisation in a technological age
- Smoking and erectile dysfunction (ED)
- Resources, reports & training

Cuspóir Straitéiseach 2

Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna: A chinntiú go bhfuil leibhéal ard feasachta ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna chun úsáid leanúnach agus cheart na frithghiniúna a mhéadú i ngach grúpa riosca.

Ar na príomhghníomhartha in 2015 bhí:

'Relax – Johnny's got you covered'

Lean an Clár dá chéim nua dá fheachtas *Smaoinigh ar Fhrithghiniúint* a rolladh amach chun daoine óga atá gníomhach go gnéasach a spreagadh chun coiscíní a úsáid. Díríonn an chéim seo go díreach ar fhrithghiniúint agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha. San fheachtas seo léirítear carachtar darb ainm Johnny, a chuireann teachtaireacht an fheachtais in iúl go spraíúil. Molann Johnny d'fhir agus do mhná óga atá gníomhach go gnéasach (ach nach dteastaíonn uathu páiste a bheith acu) gnéas a phleanáil agus coiscíní a úsáid i gcónaí chun iad féin a chosaint ar thoircheas gan choinne agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Bhí Johnny i láthair ag roinnt imeachtaí don phobal agus do mhic léinn agus ag féilte le linn an tsamhraidh agus an fhómhair in 2015. De réir taighde neamhspleách margaidh, bhí 78% den spriocghrúpa ar an eolas faoin bhfeachtas nua 'Johnny's got you covered' in 2015. Bhí an-tarraingt ar chuntas Twitter Johnny (@thinkjohnny) agus ar a leathanach ar Facebook in 2015, agus rinne breis is 55,312 duine cliceáil ar 'is maith liom' air.



Póstaer 'Relax – Johnny's got you covered' ar taispeáint i leithreas i gcoláiste

Is é aidhm uileghabhálach an chláir oideachais for-rochtana freagracht, pleanáil agus cúram níos fearr maidir le sláinte ghnéis a chur chun cinn. Tríd an gclár a chur i láthair ag féilte, ceolchoirmeacha, i dtithe tábhairne, i gclubanna agus i gcoláistí, tá sé mar aidhm againn go mbeidh daoine óga níos compordaí le ceisteanna maidir le sláinte ghnéis agus go mbeidh ar a gcumas acu frithghiniúint a phleanáil, a phlé agus a úsáid. Spreagtar i gcónaí an

spriocghrúpa cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin thinkcontraception.ie le teacht ar a thuilleadh faisnéise.

Tugadh 161,852 cuairt ar thinkcontraception.ie in 2015 (méadú 25,000 ar an mbliain roimhe) agus scaipeadh 99,635 leabhrán *Think Contraception*, líon arbh ionann é agus méadú 47% ar 2014.

Dáileadh coiscíní

Chuir an Clár próiseas náisiúnta ar bun le coiscíní a dháileadh ar ghníomhaireachtaí/sheirbhísí reachtúla, mar aon le heagraíochtaí neamhrialtasacha, trí www.HealthPromotion.ie. Cuireadh tús leis an tseirbhís nua seo i bhfómhar 2015. Tá sé mar aidhm aici tacú le gníomhaireachtaí/comhlachtaí reachtúla, chomh maith le gníomhaireachtaí neamhrialtasacha, i leith úsáid coiscíní a chur chun cinn d'fhonn idir thoirchis ghéarchéime agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha a chosc agus tacú le sláinte ghnéis níos sábháilte, níos dearfaí do dhaoine fásta. Tacóidh an tseirbhís dáileacháin le saothar for-rochtana an Chláir mar chuid dá shaothar náisiúnta agus den chlár for-rochtana man2man.ie, arna mhaoiniú ag FSS, agus atá dírithe ag fir a mbíonn gnéis acu le fir eile.

Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ)

Sheol Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) a Fheachtas Feasachta agus Treorach Sláinte Ghnéis (SHAG) i gcomhar leis an gClár. Rolladh amach an feachtas i gcampais ar fud na hÉireann agus seoladh ag gig ghrinn 'Johnny's got you covered' é in Odeon, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath. Dáileadh 40,000 pacáiste SHAG (ina raibh coiscín agus faisnéis sláinte ghnéis) ar champais choláiste in 2015.

Mar chuid de Sheachtain SHAG, rinne Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann, i gcomhair le VEID Éireann, grafaic faisnéise nua a fhorbairt, a aibhsíonn na roghanna atá ar fáil do dhaoine óga a raibh gnéas acu gan chosaint. Leagann an uirlis béim ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar thástáil le haghaidh ionfhabhtú gnéas-tarchurtha agus ar sheirbhísí éigeandála frithghiniúna agus chuir léitheoirí ar an eolas faoi roghanna frithghiniúna níos fadtréimhsí, mar aon le hionaid chomhairleoireachta toircheas géarchéime. Tugadh an ghrafaic faisnéise isteach ar bhonn píolótach i gcoláistí tríú leibhéal le linn Sheachtain SHAG agus cuireadh leagan gréasáin ar fáil chomh maith.

Seachtain bhliantúil oiliúna AMLÉ

D'fhorbair agus d'éascaigh an Clár oiliúint ar cheist na sláinte gnéis d'oifigigh leasa mic léinn nua sna coláistí atá ceangailte le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. Ba é ab aidhm don oiliúint an t-eolas ar shláinte ghnéis iomlánaíoch a mhéadú agus deis phraiticiúil a chur ar fáil d'oifigigh leasa ransú smaointe a dhéanamh chun tionscnamh sláinte ghnéis a fhorbairt ina gcoláiste féin.

Féilte agus ceolchoirmeacha

In 2015 dháil foireann Think Contraception breis is 47,250 Pacáiste Cosanta 'Think Contraception' ar an lucht freastail ag féilte agus ceolchoirmeacha amhail Rásaí do Mhic Léinn, Sea Sessions, Dún na nGall; Knockanstockan, Cill

Mhantáin; Cork Jazz Festival; Longitude, Baile Átha Cliath; Life Festival, an Iarmhí; Castlepalooza, Uíbh Fhailí; agus Electric Picnic, Laois.

Príomhghné de na gníomhaíochtaí ag na féilte agus ceolchoirmeacha ab ea Móibíl Johnny – rothar a dtroitheánaíonn roinnt daoine é agus é brandáilte le 'Johnny's got you covered'. Meallann sé an spriocghrúpa leis an bpríomhtheachtaireacht 'Think Contraception', ach is féidir úsáid a bhaint as freisin chun síoba gearra a chur ar fáil don lucht freastail timpeall limistéar na féile.

Cuireann an ghníomhaíocht seo an teachtaireacht 'Relax – Johnny's got you covered' chun cinn leis. Thug an Clár isteach ceannbhandaí 'Relax – Johnny's got you covered' in 2015 chomh maith. Chuir siad go mór leis na pacáistí agus bíonn an-tóir go deo orthu ag féilte/imeachtaí.

Tithe tábhairne agus clubanna

Thug foireann Think Contraception pacáistí cosanta amach in 2015 freisin ar laethanta gnóthacha den deireadh seachtaine lasmuigh de thithe tábhairne agus clubanna i nGaillimh, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.

Lean an Clár den bhoth siútála brandáilte le 'Johnny's got you covered' a rolladh amach, áit ar féidir le daoine gléasadh suas mar an carachtar Johnny, dul i dteagmháil leis an teachtaireacht faoi ghnéas níos sábháilte i dtimpeallacht spraíúil agus grianghraif brandáilte le 'Johnny's got you covered' a thabhairt abhaile leo, lena ndírítear iad go dtí www.thinkcontraception.ie le haghaidh faisnéis bhreise ar shláinte ghnéis agus ar ghnéas níos sábháilte.

Frithghiniúint 35+

Clúdaítear sa bhileog eolais Frithghiniúint 35+ raon níos leithne ábhar a bhaineann le mná atá sna tríochaidí, sna daichidí agus sna caogaidí, lena n-áirítear roghanna frithghiniúna, torthúlacht tar éis breith clainne, cothú cíche agus frithghiniúint, an tréimhse timpeall an mheanapáis agus an meanapás, toircheas, frithghiniúint éigeandála agus GGTnna. Ordaíonn ospidéil mháithreachais, liachleachtóirí agus cógaiseoirí an bhileog eolais tríd an suíomh Gréasáin HealthPromotion.ie den chuid is mó. Dáileadh 23,682 bileog Frithghiniúint 35+ in 2015.

Seirbhísí frithghiniúna.

Lean an Clár de bheith ag obair le roinnt sainseirbhísí tacaíochta frithghiniúna agus soláthraithe faisnéise frithghiniúna in 2015, lena n-áirítear:

- Ionad Ban Dhún na nGall, Leitir Ceanainn, do 'iLASH', clinic sláinte na mban.
- An tSeirbhís Sláinte Óige (SSÓ), ar mhaithe le seirbhísí pleanála teaghlaigh a chur ar fáil do dhaoine óga atá faoi bhun 23 bliain d'aois.
- An tIonad Sláinte Ghnéis, Corcaigh, le haghaidh seirbhís buail isteach um fhaisnéis agus tacaíocht sláinte ghnéis mar chuid de mhórthionscadal um shláinte a chur chun cinn.

- Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann, chun ceardlanna frithghiniúna a chur ar fáil d'oiliúnóirí liachleachtóirí, go háirithe maidir le húsáid frithghiniúnach fadmharthanach inchúlaithe (LARC).

Cuspóir Straitéiseach 3

Seirbhísí Toircheas Géarchéime: Rochtain leanúnach ar chomhairleoireacht toircheas géarchéime d'ardcháilíocht a fheabhsú, chomh maith le seirbhísí iarghinmhillte agus fáil ar thacaíochtaí pobalbhunaithe iarbhreithe agus teaghlaigh.

Ar na príomhghníomhartha in 2015 bhí:

Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus Iar-Ghinmhillte

Bhí sé fós ina thosaíocht in 2015 go dtacódh an Clár le seirbhísí comhairleoireachta agus leighis toircheas géarchéime agus iar-ghinmhillte a chur ar fáil saor in aisce. Maoiníonn an Clár raon múnlaí éagsúla soláthair seirbhísí ar fud roinnt suíomhanna agus láithreacha. Tugadh maoiniú do 16 sholáthraí seirbhísí faoi láthair chun seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil i mbreis agus 50 láthair ar fud na tíre. Chuir ocht gcinn de na seirbhísí sin scrúduithe sláinte iarghinmhillte ar fáil saor in aisce freisin. I measc na soláthraithe seirbhíse seo bhí:

- Seirbhís Tacaíochta Toircheas Géarchéime, Béal Átha na Sluaighe
- Ionad Sláinte na mBan, Bré*
- CURA
- Clinic Femplus, Baile Átha Cliath*
- Here2Help, Baile Átha Cliath agus an Cabhán
- Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann*
- Seirbhís Chomhairleoireachta Toircheas Géarchéime Chiarraí*
- Tá Life Pregnancy Care Service ag trádáil mar Anew Support Services anois.
- Clinic Pleanála Teaghlaigh Luimnigh (scrúduithe sláinte iarghinmhillte saor in aisce amháin)
- Seirbhís Tacaíochta Toircheas Géarchéime Mhaigh Eo
- Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime Lár Tíre*
- One Family, Baile Átha Cliath
- An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh*
- Ionad Dea-Shláinte na mBan, Baile Átha Cliath*
- Seirbhís Chomhairleoireachta Toircheas Géarchéime Iarthar Chorcaí*
- An tIonad Sláinte Óige, Corcaigh*

* Fuair na seirbhísí seo deontas chun scrúduithe sláinte iarghinmhillte a chur ar fáil freisin.

Roghanna Dearfacha

Leagann an feachtas 'Roghanna Dearfacha' béim ar an bhfíric go mbíonn dea-chluas éisteachta ar fáil i gcónaí le linn toircheas géarchéime. Is é teachtaireacht an fheachtais 'go mbíonn sé cabhrach labhairt le comhairleoir'. Cuirtear póstaeir agus bileoga 'Roghanna Dearfacha' ar taispeáint i lialanna dochtúirí ginearálta ar fud na tíre. In 2015, bhí 62% den spriocphobal eolach ar an bhfeachtas 'Roghanna Dearfacha' agus ar a theachtaireacht.

Rinneadh thart ar 63,000 bileog 'Roghanna Dearfacha' agus 7,000 cárta tiachóige a dháileadh in 2015. Dáileadh tuairim is 42,000 de na bileoga sin i dtoirtíní ag Mionmharatón na mBan. Scaipeadh na bileoga agus na cártaí tiachóige eile trí HealthPromotion.ie.

Tugadh 26,927 cuairt ar www.positiveoptions.ie in 2015.

Póstaer 'Roghanna Dearfacha' ar taispeáint i leithris agus i lialanna dochtúirí ginearálta ar fud na tíre.

Iarchúram Ginmhillte

Fógraíonn an feachtas Iarchúram Ginmhillte na seirbhísí leighis agus comhairleoireacht iarghinmhillte atá ar fáil saor in aisce do mhná in Éirinn. Tugadh thart faoi 9,748 cuairt ar an suíomh abortionaftercare.ie in 2015. Dháil an Clár thart ar 2,210 bileog 'Iarchúram Ginmhillte' trí HealthPromotion.ie, HealthBrochures.ie, ar dhochtúirí ginearálta agus ar chlinicí ginmhillte sa RA.

Maoirseacht agus oiliúint

Oibríonn an Clár leis na soláthraithe seirbhísí ar fad chun an cháilíocht seirbhíse is airde dár féidir a bhuanú. Is léir an tacaíocht sin ón maoiniú a cuireadh ar fáil go díreach do sholáthraithe seirbhísí in 2015 chun cabhrú leo oiliúint leanúnach, forbairt ghairmiúil leanúnach agus maoirseacht (idir inmheánach agus sheachtrach) dóibh siúd a chuireann comhairleoireacht toircheas géarchéime agus seirbhísí gaolmhara ar fáil.

Cúrsa teastais

Is í an Roinn um Oideachas Aosach agus Pobail in Ollscoil Éireann, Má Nuad, a reáchtálann an Teastas i Scileanna Chomhairleoireacht an Toirchis Géarchéime. Faigheann an Teastas maoiniú ón gClár. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa scileanna comhairleoireachta agus tacaíochta a fheabhsú agus caighdeáin dea-chleachtais a leagan síos sa réimse comhairleoireachta ar leith seo. Éascaíonn a struchtúr líonrú agus comhroinnt foghlama, rud a chuireann feabhas ar sheachadadh seirbhísí.

Chuir 16 dhuine, idir bhaill foirne de chuid FSS agus chomhairleoirí toircheas géarchéime, an cúrsa bliana scilbhunaithe seo i gcrích i mí na Bealtaine 2015. Thosaigh cúrsa nua i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Máistir-ranganna

Tugann máistir-ranganna um 'Thacú le Toircheas Neamhphleanáilte' deis do ghairmithe eolas agus scileanna níos mionsonraithe a ghnóthú, a chabhróidh leo bainistiú a dhéanamh ar na dúshláin a bhíonn le sárú acu agus iad ag tacú le mná, lena bpáirtithe agus lena dteaghlaigh i ndáil le toircheas neamhphleanáilte. Cuireann na máistir-ranganna spás faisnéiseach, tacúil ar fáil, ina n-éascaítear idir chomhrá agus mhachnamh. Tá tábhacht ar leith ag baint leosan do ghairmithe sláinte, do dhochtúirí ginearálta, do mhúinteoirí, d'oibrithe óige agus do dhaoine eile a bhíonn ag bualadh le daoine le linn a gcuid oibre atá nó a bhí ag plé le toircheas neamhphleanáilte. Tacaíonn na máistir-ranganna tuilleadh le hobair an Chláir maidir le cáilíocht agus caighdeáin a fhorbairt.

Cuireadh máistir-ranganna ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus i gCorcaigh in 2015. I measc na n-ábhar a ndearnadh plé leo bhí:

1 Ginmhilleadh: Déileáil le Saincheisteanna Casta (Má Nuad)

2 Mínormáltacht Mharfach san Fhéatas a thuiscint mar Toircheas Géarchéime (Maigh Nuad)

3 Ginmhilleadh: Déileáil le Saincheisteanna Casta (Má Nuad)

4 An Dlí agus Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime (Cathair Chorcaí)

5 An Dlí agus Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime (Má Nuad).

Gairmithe sláinte a bhí i mbreis agus 150 de na daoine a d'fhreastail ar na máistir-ranganna sin in 2015. Cuirfear tuilleadh máistir-ranganna ar siúl in 2016, a bhaineann le réimsí atá ábhartha do ghairmithe sláinte a oibríonn sa réimse seo.

An Creat Féinmheasúnachta

Leanadh de chéim feidhmithe an Chreata Féinmheasúnachta in 2015 i ngach seirbhís chomhairleoireachta toircheas géarchéime a fhaigheann maoiniú. Rinne an Clár éascaíocht ar roinnt ceardlann d'fhonn tacú le soláthraithe seirbhíse é a chur i bhfeidhm. Tá Pleananna Feabhsaithe Cáilíochta forbartha anois agus

úsáideann na soláthraithe seirbhíse iad le hathruithe a spreagadh laistigh dá seirbhís. Leanfar den chéim feidhmithe agus mhonatóireachta in 2016.

Seirbhísí do thuismitheoirí

Lean an Clár de thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí náisiúnta faisnéise *One Family* agus *Treoir*, do theaghlaigh aontuismitheora agus do thuismitheoirí neamhphósta. Dhéileáil na seirbhísí sin le breis agus 5,000 glao a cuireadh ar a línte faisnéise in 2015, mar aon le tacaí faisnéise for-rochtana a chur ar fáil ar bhonn duine le duine. Thuairiscigh an dá sheirbhís méadú ar líon na gcliant a chuir ceisteanna orthu maidir le cruacháis airgeadais agus le hathruithe ar an reachtaíocht a bhaineann le teaghlaigh aontuismitheora agus tuismitheoirí neamhphósta. Tugann an Clár tacaíocht freisin don tseirbhís oiliúna agus oideachais d'aosaigh de chuid One Family, a sholáthraíonn cláir oiliúna agus mheantóireachta, i measc seirbhísí eile, do thuismitheoirí.

Tacaíochtaí tuismitheoireachta duine le duine

Lean an Clár ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do sheirbhís náisiúnta tacaíochta *CURA* do mháithreacha agus d'aithreacha nua. Tugann an tseirbhís leantach seo tacaíocht phearsanta agus mhothúchánach do thuismitheoirí nua, chomh maith le cabhair agus faisnéis phraiticiúil.

Tá an tseirbhís ar fáil do sheantuismitheoirí agus do chaomhnóirí freisin.

Chuir an Clár maoiniú breise ar fáil do roinnt seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime chun tacaíochtaí breise a sholáthar dóibh siúd a chuaigh trí thoircheas géarchéime agus atá ag tuistiú anois.

Acmhainní faisnéise

Mhaoinigh an Clár forbairt agus nuashonrú roinnt acmhainní in 2015, ina measc bhí an 'Paca Eolais do Thuismitheoirí Neamhphósta' ó *Threoir*, rud a scaiptear ar ghairmithe cúram sláinte agus ar thuismitheoirí neamhphósta. Tugtar ann eolas úsáideach ar shaincheisteanna amhail na cearta atá ag tuismitheoirí atá in aontíos agus na dualgais atá orthu, caomhnóireacht, rochtain, cúram agus comhthuismitheoireacht. Tugtar eolas ábhartha ann freisin do thuismitheoirí neamhphósta faoi cheisteanna eile dlí agus airgeadais, mar aon le rannáin a bhaineann le deiseanna oideachais agus oiliúna agus 'Teagmhálaithe Úsáideacha' do dhaoine aonair agus do ghairmithe sláinte a bhfuil tacaíocht nó eolas breise ag teastáil uathu.

Seirbhísí leanúnacha a thacaíonn le leanúint ar aghaidh le toircheas

Chomh maith leis na seirbhísí samplacha atá leagtha amach, lean an Clár ar aghaidh le raon leathan tionscadal a mhaoiniú, ar tionscadail iad a chuir tacaíocht, oiliúint agus faisnéis ar fáil do thuismitheoirí nua nó do thuismitheoirí ar fud na tíre in 2015, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Clár City Slickers, Luimneach – Grúpa tacaíochta tuismitheoireachta do thuismitheoirí óga a chónaíonn i gCathair Luimnigh nó sa cheantar máguaird agus atá eisiata go sóisialta nó atá i mbaol eisiamh sóisialta, agus é ag díriú

orthu siúd atá i mbaol dara toircheas géarchéime nó toircheas géarchéime eile. Is í Comhairle Seirbhíse Sóisialta Luimnigh a sholáthraíonn an Clár seo i gcomhar leis an gClár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga, Luimneach.

- 'Tús Áite do Thuismitheoirí' – Clár oideachais tuismitheoireachta i gCo. Chiarraí atá dírithe ar thuismitheoirí céaduaire agus ar thuismitheoirí a bhraitheann nach mbíonn go leor tacaíochta dóibh de bharr míbhuntáiste geografach nó sóisialta. Reáchtáiltear obair ghrúpa, ceardlanna agus seisiúin faisnéise agus tacaíochta duine le duine. Is trí Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt a sholáthraítear an Clár.
- Comhordaitheoir do mhic léinn is tuismitheoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, a thugann faisnéis agus tacaíocht do mhic léinn/thuismitheoirí atá ag súil.
- Seirbhís ghearrthéarmach chomhairleoireachta agus altramais do mháithreacha atá ag smaoineamh ar leanbh a thabhairt suas chun uchtála, arna soláthar ag Cúnamh, Baile Átha Cliath.
- Tacaí sláinte ghnéis agus tuismitheoireachta do theaghlaigh trí na seirbhísí cónaithe a gcuireann Ionad Bessborough, Corcaigh ar fáil iad.
- Raon acmhainní úsáideacha agus taighde gaolmhar ó *Treoir*, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí.

Cuspóir Straitéiseach 4

Comhoibríocht straitéiseach agus tionchar beartais: Forbairt ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú chun rannpháirtíocht, acmhainní agus comhthiomantas maidir le sláinte ghnéis in Éirinn a mhéadú agus toirchis ghéarchéime a laghdú.

Ar na príomhghníomhartha in 2015 bhí:

OIDEACHAS, FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Lean an Clár de bheith ag comhoibriú le OÉ Má Nuad ar an Teastas i Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus ar shraith máistir-ranganna maidir le 'Tacú le Toircheas Neamhphleanáilte'.

Oifigigh FSS um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéis

Lean Líonra na nOifigeach um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéis agus an Clár ar aghaidh ag comhordú oiliúint agus oideachas sláinte ghnéis in FSS agus bhrúigh ar aghaidh an phleanáil i gcomhair fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis.

Eagraíodh ceithre chruinniú den líonra in 2015, a bhí dírithe ar:

- Bonnchúrsa i gCur Chun Cinn na Sláinte Gnéis a sheachadadh agus a chomhordú i ngach limistéar de FSS (féach thíos).
- Aighneacht chun na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir leis an bPáipéar Comhairliúcháin ar Ghearrchúrsaí OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte)
- Taighde i gcomhar le tuismitheoirí leanaí 4-9 mbliana d'aois
- Comhordú *Sexual Health News*

5 Bainistiú na seirbhíse dáileacháin coiscíní.

Bonnchúrsa i gCur Chun Cinn na Sláinte Gnéis

Clár oiliúna 10 lá is ea an Bonnchúrsa i gCur Chun Cinn na Sláinte Gnéis a bhfuil sé mar aidhm aige cur chun cinn na sláinte gnéis a fhí ina chéile le croíshaothar na ndisciplíní éagsúla atá ann sna hearnálacha sláinte, oideachais agus pobail. Tá sé ar an gclár oiliúna náisiúnta um an tsláinte ghnéis anois agus tá an méid sin aitheanta faoin Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis. Tá sé beartaithe go gcuirfear oiliúint ar 100 gairmí sláinte gach bliain. Tá an cúrsa á reáchtáil trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha áitiúla idir Aonad FSS um Chur Chun Cinn na Sláinte agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá an Bonnchúrsa dírithe ar chliniceoirí de chuid Aonad Sláinte Ghnéis FSS (agus a leithéid), ar fhoireann de chuid Aonad FSS um Chur Chun Cinn agus Feabhsú na Sláinte, ar ghairmithe sláinte atá i bpáirt le FSS, chomh maith le gairmithe pobail, deonacha agus seirbhís oideachais. In 2015, ghlac 95 gairmí cúram

sláinte páirt sa Bhonnchúrsa i 5 shuíomh éagsúla: Cill Airne, Gaillimh, Corcaigh, Port Láirge agus Cluain Meala.

D'fhorbair oifigigh um chur chun cinn na sláinte in FSS an Deiscirt an oiliúint sa bhliain 2009. Cuireadh leis in 2015 le go mbeadh cúrsa i nGaillimh mar chuid de. Chabhraigh an suíomh i nGaillimh linn sainaithint a dhéanamh ar aon dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann sula dtabharfaí isteach go náisiúnta é in 2016.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)

Le linn oiliúint inseirbhíse in 2015, lean Seirbhís Tacaíochta OSPS na Roinne Oideachais agus Scileanna ar aghaidh le hábhair Acmhainní B4uDecide.ie agus TRUST a chur chun cinn agus a scaipeadh i measc mhúinteoirí dhaltaí na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí.

Comhairle Náisiúnta na nÓg

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an tionscnamh oideachais B4uDecide.ie a chur chun cinn i suíomhanna obair óige in 2015.

Aonad Náisiúnta Cumarsáide FSS

D'oibrigh an Clár i ndlúthchomhar leis an Aonad in 2015 chun na feachtais seo a leanas a bhainistiú – 'Think Contraception', 'Roghanna Dearfacha', Iarchúram Ginmhillte agus B4uDecide.ie.

Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ)

Lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht le AMLÉ i ndáil le príomhthionscadail in 2015: An tSeachtain um Chomhairle agus Treoir maidir le Sláinte Ghnéis, an oiliúint bhliantúil d'oifigigh leasa.

SEIF Éireann (Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath roimhe seo)

Thionscain an Clár comhpháirtíocht le SEIF Éireann chun pacaí cosanta 'Think Contraception' a dháileadh ar dhaoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad trí chlár for-rochtana SEIF Éireann.

TAIGHDE AGUS BEARTAS

Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Lean an Clár dá chomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar bhainistiú an chláir taighde um Measúnú ar Riachtanais Sláinte Ghnéis agus Oideachas Ghnéasaigh Daoine Óga faoi Chúram in Éirinn (SENYPIC). Úsáidfear an tionscadal taighde seo chun tacar moltaí inghníomhaithe a fhorbairt le tacú le riachtanais daoine óga faoi chúram altrama nó faoi chúram cónaithe.

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Ó 2011 i leith tá an Clár ag obair i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn ar a scéimeanna oscailte maoinithe taighde, ach maoiniú a chur ar fáil d'aon tionscadal taighde amháin sa bhliain. Ní mór don tionscadal fócas feidhmeach a bheith aige, caithfidh a chuspóirí a bheith ar aon dul leis na

cuspóirí straitéiseacha náisiúnta ó thaobh toircheas géarchéime de agus ba chóir go dtabharfadh a thorthaí léargas nua ar phríomh-shaincheisteanna. In 2015, ghlac an Clár páirt sa Ghradam Taighde do Bheartas agus don Phobal.

Lárionad Faireachais FSS um Chosaint Sláinte, Seirbhís Sláinte FSS d'Fhir Aeracha, agus an Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha

D'eagraigh an Clár, i gcomhar leis an Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte, an tSeirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha agus an Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha, suirbhé náisiúnta Idirlín ar fhir a mbíonn gnéas acu le fir eile.

Tá sé mar aidhm ag an suirbhé sainaithint a dhéanamh ar riachtanais an ghrúpa áirithe seo ó thaobh sláinte ghnéis agus cosc VEID de.

Grúpa oibre ildisciplíneach

In 2015 cuireadh grúpa oibre ildisciplíneach ar bun le tacú le léarscáiliú na seirbhísí frithghiniúna agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha in Éirinn. Tá ar an ngrúpa oibre seo príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le seirbhísí sláinte ghnéis agus le léarscáiliú faisnéise ó thaobh istigh agus ó thaobh amuigh de FSS, lena n-áirítear an Clár, an tAonad um Chur Chun Cinn agus Fheabhsú na Sláinte, an tAonad um Míochaine Sláinte Poiblí, an tAonad um Éirim Sláinte, Ospidéal San Séamas agus Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann.

Cuspóir Straitéiseach 5

Aistriú eolais agus taighde: Bonn taighde ardchaighdeáin a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus an taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach um aistriú faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartas agus i gcleachtas.

Ar na príomhghníomhartha in 2015 bhí:

Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí

In 2015 lean an Clár de chur lena bhonn fianaise, agus de ghníomhaíochtaí aistrithe eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Ról lárnach de chuid an Chláir is ea monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí iompraíochta a bhaineann lena sainordú, agus leas á bhaint as raon uirlisí agus táscairí tomhais. Ar na príomhthorthaí in 2015 bhí:

- Tháinig laghdú ar ráta na mban a thaistil go dtí an Ríocht Aontaithe chun ginmhilleadh a fháil ó 3.8 sa 1,000 in 2014 go dtí 3.6 sa 1,000 in 2015.
- Ó 2001 i leith, tháinig laghdú ar líon na mban a thug seoladh in Éirinn ag clinicí ginmhillte sa Ríocht Aontaithe ó 6,673 go 3,451 in 2015.
- Tá an ráta ginmhillte in aghaidh 1,000 bean tar éis titim ó 7.5 ban in 2001 go 3.6 ban in 2015.



- Tá laghdú tagtha ar an ráta breitheanna i measc máithreacha sna déaga in Éirinn, ó 9.3 ban in aghaidh 1,000 in 2014 go 8.7 ban in aghaidh 1,000 in 2015.

- Tá laghdú 62% tagtha ar líon na mbreitheanna i measc déagóirí ó 2001 i leith.
- Tá laghdú 72% tagtha ar líon na ndéagóirí a chuaigh chuig an RA chun ginmhilleadh a fháil ó 2001 i leith.



Cur leis an mBonn Fianaise

Déanann an Clár taighde a choimisiúnú a bhaineann go díreach lena shainorduithe straitéiseacha. In 2015, d'oibrigh an Clár i gcomhar le foirne taighde agus le comhpháirtithe gaolmhara sna tionscadail taighde seo a leanas:

- **Measúnú ar Riachtanais Sláinte Ghnéis agus Oideachais Ghnéasaigh Daoine Óga faoi Chúram in Éirinn (SENYPIC)**

  Lean an Clár ar aghaidh, i gcomhpháirt le Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, le treoir, tacaíocht agus maoirseacht a thabhairt don fhoireann atá ag obair ar chlár taighde SENYPIC. Tá an taighde á dhéanamh ag foireann taighdeoirí faoi cheannas an Ollaimh Abbey Hyde, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (COBÁC). Déantar an taighde seo i bpáirt le soláthraithe seirbhísí, cúramóirí altrama, tuismitheoirí breithe agus luathfhágálaithe scoile. Mar chuid den obair sin in 2015, ullmhaíodh sé thuarascáil neamhspleácha lena bhfoilsiú.

  Iniúchadh ar na tosca a choisceann nó a chumasaíonn cumarsáid aoisoiriúnach faoi chaidrimh, faoi ghnéasacht agus faoi fhás aníos, idir tuismitheoirí agus leanaí óga (4–9 mbliana d'aois)

  Lean an Clár d'obair a dhéanamh as lámha a chéile leis an Dr. Catherine Conlon agus leis an Oll. Virpi Timonen ó Scoil na hOibre Sóisialta agus an

Bheartais Shóisialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar thaighde lena ndéantar iniúchadh ar na tosca a choisceann nó a chumasaíonn

cumarsáid aoisoiriúnach faoi chaidrimh, faoin ngnéasacht agus faoi fhás aníos idir tuismitheoirí agus leanaí óga atá 4–9 mbliana d'aois. Baineann an taighde seo le grúpaí fócais ina bhfuil thart ar 100 tuismitheoirí leanaí 4-9 mbliana d'aois. Tabharfaidh an t-aschur ón tionscadal eolas don Chlár agus dá chomhpháirtithe faoin dóigh is fearr chun tacú le tuismitheoirí arís eile oideachas caidrimh agus gnéasachta a sholáthar sa bhaile.

- **Measúnú ar 'If I were Jack'**

  In 2015, mar chuid de chlár PhD Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, thacaigh an Clár leis an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais measúnú a dhéanamh ar an acmhainn oideachais 'If I were Jack'. B'fhorbairt í an acmhainn seo ar thaighde ar mhaoinigh an Clár é, ina ndearnadh iniúchadh ar dhearcadh fear óg ar thoircheas agus ar thuismitheoireacht sna déaga. Tá an measúnú á dhéanamh i roinnt meánscoileanna in Éirinn.

- **Suirbhé Idirlín MSM Éireann 2015 (MISI 2015)**

  Thug an Clár tacaíocht don Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte, don tSeirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha agus don Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha, suirbhé idirlín a eagrú ar shláinte ghnéis fear aerach a mbíonn gnéas acu le fir eile in Éirinn agus ar na riachtanais atá acu ó thaobh VEID a chosc (MISI 2015). Bhí an suirbhé ar fáil ar líne ar feadh 13 seachtaine idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2015. Fuarthas 3,090 freagra bailí faoin dáta deireanach, rud a fhágann gurbh é an suirbhé MSM ba mhó dá raibh ann in Éirinn riamh é. Rinneadh anailís ar na sonraí don chuid eile den bhliain.

An Gradam Taighde do Bheartas agus don Phobal, 2015

D'oibrigh an Clár as lámha a chéile leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn le snáithe toircheas géarchéime agus sláinte ghnéis a chur le Gradam na Comhairle do Bheartas agus don Phobal, 2015. Bronnadh an gradam ar an Dr. Pádraic MacNeala agus ar fhoireann de chuid OÉ Gaillimh dá gcuid taighde 'Measúnú a Dhéanamh ar Idirghabháil le Toiliú Gníomhach a Chur Chun Cinn i gCás Aosaigh Óga'.

Suirbhé Éire Shláintiúil

Lean an Clár de bheith páirteach i nGrúpa Stiúrtha Shuirbhé 'Éire Shláintiúil', atá faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte. Bhí an obair in 2015 dírithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí agus ar phleanáil i gcomhair bailiú sonraí amach anseo i dtaca leis an suirbhé náisiúnta seo atá ionadaíoch ar an bpobal i gcoitinne.

Aguisín 1

Baill Ghrúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis

Helen Deely, Ceannasaí Chlár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime

An Dr. Fiona Lyons, Ceannaire Cliniciúil sa tSláinte Ghnéis

Caroline Hurley, Bainisteoir Cláir sa tSláinte Ghnéis

An Dr. Fionnuala Cooney, Speisialtóir sa Mhíochaine Sláinte Poiblí

An Dr. Derval Igoe, Speisialtóir sa Mhíochaine Sláinte Poiblí

An Dr. David Hanlon, Comhairleoir Cliniciúil Náisiúnta sa Chúram Príomhúil

Diane Nurse, Ceannaire Náisiúnta sa Chuimsiú Sóisialta

Carmel Beirne, Bainisteoir Ginearálta, an Grúpa Ospidéil

An Dr. William Flannery, Síciatraí Comhairleach, sa Mheabhairshláinte

An tUas. Niall Mulligan, Stiúrthóir VEID Éireann

An. Dr. Miriam Daly, Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann

Olive O'Connor, Úsáideoir Seirbhíse

Aguisín 2

Baill an Ghrúpa Oibre Náisiúnta um Chumarsáid Sláinte Ghnéis

Helen Deely, Ceannasaí Chlár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime

Grace Cassidy, Aonad Náisiúnta Cumarsáide FSS

Emma Coughlan, an tIonad Sláinte Ghnéis, Corcaigh

Susan Donlon, VEID Éireann

Seán Frayne, BeLongTo

Aoife Ní Shúilleabháin, Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Denise Ryan, Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann

Adam Shanley, an Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha

An Dr. Fionnuala Cooney, Speisialtóir sa Mhíochaine Sláinte Poiblí

Joe McDonagh, SEIF an Iarthair

Alysander Preston, Positive Now

Gráinne Wolfe, GOSH

Patricia Purcell, Spun Out

Sharon Parkinson, Oifigeach um Chur Chun Cinn na Sláinte

Siobhan O'Dea, Bainisteoir, an tSeirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha

Aguisín 3

Baill an Ghrúpa Chomhairligh

An Dr Anne Marie McGauran (Cathaoirleach), Anailísí Sinsearach, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta

Helen Deely, Ceannasaí Chlár FSS um Shláinte Ghnéis agus Thoirchis Ghéarchéime

Brenda Forde, ionadaí do *Treoir*, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí

Alison Begas Uas. Príomhfheidhmeannach agus ionadaí Ionad Dea-Shláinte na mBan, Baile Átha Cliath

Sherie de Burgh Uas. Stiúrthóir Comhairleoireachta agus ionadaí One Family

Louise Graham Uas. Comhordaitheoir Náisiúnta agus ionadaí CURA

Deirdre Seery, Stiúrthóir an Ionaid Sláinte Ghnéis, Corcaigh

Niall Mulligan, Stiúrthóir VEID Éireann

Ailish O'Neill, ionadaí Chomhairle Náisiúnta na nÓg

Deirdre Sullivan, ionadaí do Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí

Tonya Myles, ionadaí do *CAIRDE (Challenging, ethnic minority health inequalities)*

Moninne Griffith, Stiúrthóir *BeLongTo*

Bronagh Conlon, ionadaí do *Foróige*

Broden Giambrone, ionadaí do Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne

Niall Behan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann

Noel Sutton, Stiúrthóir an Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha

Building a Better Health Service

CARE COMPASSION TRUST LEARNING